

Réamonn

16/Mí na Samhna/1955

An Dr Liam SS Réamonn

A] An tAinm

Ainm Cambro-Normánach é Réamonn: díorthaítear leaganacha ar nós Réamann, Reinmund, Remund nó Reymund ón ainm pearsanta Frannach Raimond (nó Raymond). Scaip an t-ainm go forleathan mar Ramón, Roman, Romanov, Raimund. Ba iad na Cambro-Normánaigh a chuir fúthu, i ndeisceart na Breataine Bige agus i ‘**Máirseálacha na Breataine Bige**’, tar éis dosna Normánaigh ionradh a dhéanamh ar Sacsain. Is **Cambria** an fhoirm Laidineach den ainm Breatnach *Cymru*. Limistéar idir Shasain agus an Bhreatain Bhig é Máirseálacha na Breataine Bige.

Tá bunús Lochlannach agus Gearmánach mar sin ag an ainm Réamonn, mar shampla ‘Raginmund’ i teangain na bhFranc. Táthar soléir, na fréamhacha Sean-Ghearmáineacha nó Sean-Lochlannacha *ragin* (cinneadh nó comhairle) agus *mund* (cosaint – Vormund = caomhnóir). Teanga Ghearmánach Thuaidh a bhí sa tSean-Lochlannais, ó **800-1200 i.g.C.**, i gCríoch Lochlann, sna hOileáin Fharó, san Íoslainn, sa Ghraonlainn, agus in áiteachaibh den Rúis. Laighdíodh an ‘g’, consan idir dhá ghuta, i *ragin* chun an t-ainm Gearmánach **Reinmund** a thabhairt – agus is toisc nach raibh an ‘n’ srónach in úsáid ghinearálta, gur fuarthas na hainmneacha Raimund, Reymann agus Raymond. Ag baint úsáide as an Sean-Bhéarla *ræd* nó Sean-tSacsanais *rād* (comhairle), is é *Raedmund* nó **Redmond** an t-ainm Angla-Shacsanach.

Ar an troscán sráide i mBaile Átha Cliath, tá comhartha ‘Redmond’s Hill’ - ‘Cnoc Réamainn le feiceáil. Léiríonn an t-infhilleadh san ainm laige in úsáid na teangan.

B) Cúlra cultúrtha ón am Angla-Shacsanach go dtí an t-am Lochlannach i Sacsain

Lean an t-ionradh **Angla-Shacsanach** ar Shacsain timpeall na sé chéad bliain ó **410-1066 i.g.C.** Mhéadaigh na hionraí Angla-Shacsanacha go mall agus bhí tús curtha leo seo sular imigh na Léigiúin Rómhánacha. Nuair a d’fhág na Léigiúin seo an tír, thosaigh ní ba mhó Anglagh, Sacsonach, Iúiteach agus Freaslannach (le canúintí Sean-Ghearmainise éagsúla acu), ag teacht i dtír. Ní raibh na Briotanaigh lagaithe in ndon mórán frithsheasmhachta a dhéanamh.

Ghabh na grúpaí Angla-Shacsanacha éagsúla seilbh i gceanntair éagsúla. Chruthaigh siad roinnt ríochtaí, iad de shíor ag cogadh lena chéile. Faoi 650AD bhí seacht ríocht ann.

Dar leis **an Urramach Naomh Bede** (staraí mór), bhí na Iúitigh lonnaithe i Kent, Inis Iocht, agus codanna de Hampshire. I **Kent** a d’imthigh an t-ainmn Iúiteach as úsáid go luath. Deimhníonn logainmneacha a láithreach i Hampshire ag an am. Is leagan truaillithe Iúiteach é, an t-ainm Kent, den fhocal Rómhánach-Bhriotanach ‘Cantiaci/ **Cantii**’ (nó iar-Rómhánach Ceint). Ba Ceiltigh Iarannaoise na daoine ó Kent - ó roimh an concas Rómhánach. Tógadh an t-ainm Kent ó logainm coitianta Briotánach, Cantium (‘cúinne talún’ - ‘**Ceanntar**’ i nGaeilge).

<https://www.smithsonianmag.com/smart-news/vikings-most-powerful-city-uneearthed-in-northern-germany-848767/>

<https://www.encyclopedia.com/humanities/encyclopedias-almanacs-transcripts-and-maps/angles-saxons-and-jutes>

<https://www.historyextra.com/period/angles-saxons-and-jutes/>

<https://theconversation.com/what-does-the-word-viking-really-mean-75647>

<https://www.bbc.co.uk/bitesize/topics/zr46nrd/articles/zr7kxyc> https://www.uni-due.de/IERC/IERC_Dublin_English.htm

Sloinnte Gaedheal is Gall, Rev Patrick Woulfe, M. H. Gill & Son, Ltd., 1923, et alia.

Cosúil le go leor dá gcuid comharsan san Oirdheisceart, tháinig na **Cantii** ón Mhuir Thuaidh agus ón Mhuir Bhailt. Bhí nósanna acu cosúil leo siúd a bhí fosta ag Ceiltigh na Gaille. Tagann an t-ainm **an Bhreatain** ón téarma Briotánach ***Pritani**. Do b’ é an taiscéalaí Gréagach, Pytheas ó Massalia, a rinne an chéad tagairt scríofa dosna hOileáin Bhriotánacha; ní ba dhéanaí, luann scríbhneoirí Gréagacha ar nós Diodorus na Sicile agus Strabo, úsáid de leaganacha ar nós **Πρετανική** (*Prettanikē*) ag Pytheas: ciallaíonn **Pretani* (Briotánach) ‘iad ata péinteáilte’. Ba ghnách leis na Ceiltigh ruaim ghorm ó phlanda

den Chlainn **Brassicaceae** do chur ar a gcráiceann, le breathnú ní ba scanrúla sa chath. [Táirgíonn an planda seo, **Isatis tinctoria**, ruaim ghorm nádúrtha, a úsáidí le roinnt mílte bliain san Eoraip agus sa Mheánoirthear.]

Bhog treibheanna ó **Thuaisceart na Gearmáine agus na hEastóine** isteach i gCríoch Lochlann, timpeall **750-1100 AD**, ag tabhairt teanga agus cultúr na Gearmáine leo. Cuireadh an t-ainm '**Lochlannach**' orthu. Tá an fhréamh chéanna ag **Lochlannach** (i nGearmáinis) agus atá ag an Sean-Lochlannach 'víka' ('míle sa bhfarraige' - an t-achar idir athrú iomróirí) – a thagas ón bhfréamh *weik nó *wík, mar atá sa bhriathar Próta-Ghearmáinis *wīkan - cúlú). Tháinig seandálaithe i dtuaisceart na Gearmáine ar cheann desna cathracha ba thábhachtaí i stair na Lochlannach – **Sliasthorp**. Ba de theaghlach Thuaisceart na Gearmáine iad na Lochlannaigh. Déanann an focal **Lochlannach** cur síos ar a slí bheatha – ní ar a n-eitneachas. Ar dtús, téarma neodrach a bhí i *Víkingr*, do sheachránaithe na farraige, daoine a sheol ar turais, le *Víkingar* (iolra) eile. Ar ndóigh, d'fhéadfadh roinnt creachadóireachta a bheith i gceist, taobh le h-eachtraíocht na Lochlannach.



<https://pixabay.com/images/search/vikings/?page=6>

Scríobhadh síos scéail fhadálacha mheánaoiseacha na hÍoslainne, sna 13 agus 1400í. Chuir siad síos ar *Víkingar* mar fhoghlaith mara droch-intinne, a rinne creach agus léirscrios ar a mbealach trasna na hEorpa, le huamhan a fhágáil ina ndiaidh. Ba chuma leis na **Meáin Nuachta** ag an am (a scaip eolas míchruinn fútha) go rabh sochaí Lochlannach á rialú le dlíthe dochta. Socraíodh dlíthe ag cruinniú ar a dtugtaí '**An Rud**' air.

Lonnaigh na **Lochlannaigh** i mBaile Átha Cliath, roimh an 10ú aois. I Sasain, lonnaigh siad ó **865 i.gC**, in East Anglia, Northumbria agus i gcuid mhaith de Ríocht Mercia, i lár na tíre. Tá go leor logainmneacha ag ceantair áirithe lonnaíocht na Lochlannach, a bhfuil gnéithe ón gCríoch Lochlann acu, .i. 'by' (sráidbhaile) agus 'thorpe' (áitreabh feirme) ~ m.sh. Appleby, Kirkby, Scunthorpe agus Skellingthorpe. Bhí pósadh idir Angla-Shacsanaigh agus Lochlannaigh agus is dócha go raibh an t-Sean-Lochlannais agus an Angla-Shacsanais **sothuigthe dá chéile**.

Go tábhachtach, lonnaigh na Lochlannaigh sa **Normainn, sa 10ú agus 11ú haois**, agus d'éirigh siad an-chumhachtach. Ghlac siad le cultúr na Fraince. Ciallaíonn **Normannach** 'Tuatach' sa Fhraincis. Ní dheachaigh ní ba mhó 10,000 acu le slí bheatha a bhaint amach i Sacsain, a bhí in aice láimhe. Bhuaigh a bhfórsa beag na hAngla-Sacsanaigh. Cheana féin, chuir siad seo deireadh leis na Iúitigh {féach an Aguisín ag **G**}. Tugadh an téarma 'Briotánaigh' isteach sa Mheán-Bhéarla mar 'brutúin' (*bretun* sa t-Sean-Fhraincis) go déanach sna 1200í. **Rinne an t-athbhrandáil** iad a ailníú le Ceiltigh neamhionsaitheacha.

C] Na Lochlannaigh a d'fhill ar Éirinn — mar Normannaigh

Rinne Normannach darbh ainm **Raymond le Gros** ionradh ar Éirinn sa bhliain 1167, le ridirí agus boghdóirí. B'é Alexander Redmond an chéad duine den ainm galldaithe in Éirinn. Mar duine desna céad lonnaitheoirí Normannacha, bronnadh ceanntar Rinn Duáin i gCo. Loch Garmáin air. Is dócha gur

úsáideadh an t-ainm in Éirinn, i roinnt leaganacha, ag teacht ón Sean-Bhéarla/Angla-Shacsanais agus ón Normannais/Frainncis.



Raymond le Gros

<https://www.findagrave.com/memorial/133547109/raymond-fitzwilliam-fitzgerald>

Tugadh cuireadh teacht go hÉirinn d'uaisle beaga Normannacha, a bhí lonnaithe sa Bhreatain Bhig, chun idirghabháil áitiúil a athchothromú. Thainig siad ach níor imthigh siad leobhtha ariamh. Gan sárú ortha i gcath, in aon tír, 'sé a bhí uatha a bheith ar a sáimín só, i dtíortha faoina smacht. Cha rabh uatha cos ar bolg a imirt ar daoine. Bhí **Raymond le Gros**, a labhair Frainncis, ar cheann desna céad uaisle do ráinig.

Níor glacadh in Éirinn leis an ainm 'le Gros'. Ghlac lucht leanta nua an tiarna Normannaigh leis an ainm Gaelithe Réamonn, mífhuaimniú ar Raymond. Ní ainm de stoc Ceilteach é, mar sin níl 'Mac' nó 'Ó' ag gabháil leis. Is léir go bhfuil sé eachtrannach. Ní raibh, ag na Normannaigh nua, sean-ghinealach uasal. Caithfeadh go mba mhíbhuntáiste é seo i sochaí na nGael. Sna laethanta sin, léirigh ginealach an duine a stádas agus **cad a bhíothas ag súil a fháil uaidh**. [Inniu, tá na hainmneacha teaghlaigh is sine san Eoraip againn Gaeil.]

Tá ceangail áirithe ag Dlíthe na mBreithiúna le gach córas dlí Airianach, ón Tibir go dtí an Ghainséis - leis an dlí Hiondúch ach go háirithe – ach fosta leis an dlí Rómhánach, Lochlannach, Slavónach agus sean-Ghearmánach. (Bhí córas fíneálacha cosúil le tort acu seo, le cur in ionad an dlí choiriúil.) D'admhaigh **Sir John Davies**, an giúróir Eiliseach : “there is no nation or people under the Sunne that doth love equall ... justice better than the Irish ...”. I ndeireadh na Dála, chuir na Sacsanaigh deireadh le Dlíthe na mBreithiúna i ngach cearn d'Éirinn. Chómh luath is ar chuir siad ceanntar fá smacht, mhúch siad an Dlí Éireannach faoina gcos, do dhíbir nó do mharaigh siad na Breithimh agus do rialaigh siad de réir dlí Shasana.

Ar aon nós, bhí an chuid ba mhó desna Taoisigh Ghaelacha tar éis na heachtránaithe Normannacha a aithint mar **Hiberniores Hibernis ipsis** - ‘Níos Gaelaí ná na Gaeil féin’. Ar thitim ár sibhialtacht, le Teitheadh na nIarlaí sa bhliain **1603**, d'oscail **Letres de Noblesse** na n-uaisle (a léirigh a nginealach ársa) doirse ríoga na hEorpa dóibh. <https://www.newadvent.org/cathen/02753a.htm>

D) Clann Réamonn – 1798

Ba ar an 21^ú Meitheamh, ar Chnoc Fhiodh na gCaor, i gContae Loch Garmáin, a bhí an seastán deireanach d'Éirí Amach 1798 ag na hÉireannaigh Aontaithe (idir Chaitliceach, Protastúnach agus Easaontóir). Fuair Seandálaithe olluaigheanna, ina bhfuil iarsmaí ban, leanaí agus daoine scothaosta, a **rinneadh sléacht ortha**, le linn an chatha. Fuarthas claiseanna móra den t-sórt sin ar an taoibh thuaidh den Chnocán fosta. Bhí suas le 2,000 daoine soghonta bailithe ann roimh an gcath. Agus bhí thart ar 2,000 reibiliúnach á gcosaint.

Ar an iomlán, bhí thart ar 20,000 fear, bean agus leanaí i measc na reibiliúnaithe. Thug siad aghaidh ar Fhórsa Corónach, de thart ar 15,000 trúpaí, faoi cheannas ceathrar Ginearál agus sé oifigeach déag. Léiríonn patrún shliogán na muscaed, sna goirt a ndearnadh suirbhé orthu, lámhach Óglach na Corónach –

a chuaigh i mbun comhraic, ag scaoileadh a gcuid gunnaí gan idirdhealú. Tugann an fianaise le fios gur dócha go bhfaighfear níos mó olluagheanna. <https://www.irishexaminer.com/news/arid-20458678.html>

Sceite ag faisnéiseoirí, gabhadh ceannairí na nÉireannach Aontaithe. Tháinig deireadh leis an Éirí Amach neamheagraithe nuair a rinne an fórsa míleata ba mhó a conacthas in Éirinn le céad bliain, ar raibh fágtha desna reibiliúnaithe gioblacha a mharú go fealltach. I Loch Garmáin, rinne trúpaí marfacha an Rialtais scrios ar fud an Chondaie, ag cur an ruaig ar an daonra sibhialtach, scanraithe, gur shroich siad Cnoc Fhiodh na gCaor. Dúirt an ceannasaí Sacsanach, an Ginearál Gerard Lake, go gcaithfadh sé le daoine neamharmtha mar namhaid. Ina fhórsa, bhí marcshlua agus coisithe, le 26 píosa airtléire agus traein soláthar beagnach 7km fada.

Bhí na reibiliúnaigh ar Chnoc Fhiodh na gCaor, armtha don chuid ba mhó le liúis (uirlisí feirme). Ní raibh ach dhá urchar acu dá gcuid canónacha. I measc a gceannairí, bhí **Anthony Perry, Miles Byrne is an tAthair carismatach John Murphy** ó Bhuaile Mhaodhóg (maraíodh go suaire é, ní ba dhéanaí).

Bhain General Lake úsáid as airm nua frithphearsanra, don chéad uair, a phléasc ós cionn an namhaid nó soicind tar éis tuirlingthe. Ní raibh cogaíocht chreathnach den chineál seo le feiceáil riamh roimhe sin. Rinneadh an bhuaimíl agus ionsaí coisithe ag an am gcéanna. De réir cuntas na linne, rinneadh sléacht ar chosantóirí reibiliúnacha, a gcuid ban agus a gcuid leanaí - san áit a raibh siad ina seasamh.

Thosaigh ceannas na reibiliúnach ag smaoineamh ar chúlú ghinearálta agus thug siad faoi dear bearna - a bhí le dúnadh ag an Maorghinearál Sacsanach Needham. Thosaigh na reibiliúnaithe ag dul tríd an bearna seo, agus rinne siad cúlú urghnách agus rathúil. Agus iad á gcosaint ag a gcomrádaithe, ag coinneáil slán an droichid trasna Abhainn na Sláine, agus le cúlgharda éifeachtach faoi cheannas an **Athar Thomás Clinch**, d'éirigh go leor acu éalú ón gCnoc. Mar sin féin, sáraíodh an cúlgharda faoi cheannas an t-sagairt agus maraíodh é. <https://www.irishtimes.com/culture/books/a-wet-winter-a-dry-spring-a-bloody-summer-and-no-king-vinegar-hill-uncovered-1.4670372>

Faoi Iúil na bliana 1798, bhí an t-Éirí Amach, ar fud na tíre, curtha faoi chois ag General Lake. Chuir a neamhaird ar shaol an duine an oiread sin anacra ar na daoine gur thug fir, mná agus leanaí aghaidh ar a mbás go toilteanach. Dúirt m'athair, **Seán Réamonn** (RIP), liom gur bhásaigh go leor dár ngaolta ar Chnoc Fhiodh na gCaor. Bhí ár muintir lonnaithe timpeall ar Bhaile Ghearailt. Chonaic mé grianghraf den chéad cheathrar dár muintir, a tháinig go Baile Átha Cliath ó Loch Garmáin, ach is trua gur cailleadh é.

Ei) Halla Redmond

Tá na Redmonds ar cheann desna teaghlaigh Angla-Normannacha is sine i gContae Loch Garmáin. Díshealbhaíodh iad óna gcuid tailte sna 1650idí, toisc gur chloígh siad lena bprionsabal reiligiúnach. Bhí baint ag an teaghlach le tráchtáil agus loingeas, go déanach san 18^ú aois. Bhunaigh siad bannc príobháideach sa bhliain 1770, rud a sheas slán in aghaidh na mór-ghéarchéime baincéireachta in 1820. *Ní eisceachtúil é ginealach uasal mhuinntir Redmond.*

Otterus nó Othoer (mac Mathias, mac Cosmos, Ard-Diúc Fhlórans), Barún Iodálach, desna Gherardini Fhlórans, Tiarnaí na Toscaíne, a chuaigh ó Fhlórans go dtí an Normainn, agus uaidh sin go Sacsain agus an Bhreatain Bheag, tráth a pósadh an Rí Canute le Emma, baintreach an Rí Ethelred, a fuair bás sa bhliain 1016.

Ar aghaidh go Gerald FitzWalter de Windsor, a bhí ina Thiarna ar Carew, *jure uxoris* (de réir a phósta) agus ar a dtugtaí *de Carew* air mar sin. Bhí sé ina ghobharnóir ar Chontae Phembróc agus ina sheomairlín ag an Rí Anraí I, a thug dó mainéar Moulesford i Berkshire. Phós sé **Nesta**, iníon Rhys-ap-Tewdor Mawr, Prionsa na Breataine Bige Theas, a thug léi don phósadh m.sh. seacht mainéar i Pembrokeshire. Baintreach Stiofán de Marisco, constábla Aberteivy í, agus dósan thug sí mac - Robert

FitzStephen, Tiarna Chorcaí, príomh-ionróir na hÉireann. Bhí Nesta, roimh a pósadh le Stiofán, ina bean leapan ag **Anraí I**, agus thug si beirt mhac dó—Robert, Iarla Gloucester agus Anraí FitzHenry, athair Roibéard agus Meyler FitzHenry, uaidh a thagas FitzHenrys na hÉireann. Chuaigh Robert agus Meyler go hÉirinn i **1170/1171** in éineacht lena gcol seisir, **Raymond le Gros**.

Mac Uilliam Mac Gearailt de Carew, an deartháir ab óige de Odo de Carew, Raymond 'le Gros' (.i. ramhar) Mac Gearailt (Fitz/fils = mac agus Gearailt = foirm Normannach de Gherardini) nó fitzWilliam (**cha rabh sloinnnte docht daingean**). Tháinig sé go hÉirinn ón mBreatain Bhig sa bhliain 1170. Le deichniúr fear faoi airm agus seachtó saighdeoirí, tháinig sé i dtír ag Trá Baginbun, ó dheas de Chaisleán Fhiodh Ard, i Leithinis Rinn Duáin, i gContae Loch Garmáin - ainmnithe as a dhá long - La Bague et La Bonne. Tar éis troid in aghaidh arm Ostman (Lochlannach-Éireannach) agus arm Éireannach, ghlac sé seilbh ar an áit agus thóg sé a chaisleán, ar a dtugtaí **an Halla**. Chuaigh sé ar aghaidh go Port Láirge, áit a raibh ról lárnach aige ina ghabháil. Sna blianta beaga ina dhéidh sin, bhí Raymond ina chomhghuaillí dhaingean ag Richard de Clare, 2^ú Iarla Pembroke (a raibh 'Strongbow' mar leas-ainm air). D'éirigh deighilt idir an bheirt nuair a dhiúltaigh Strongbow a dheirfiúr **Basilea** a thabhairt do Raymond mar bhean chéile. Bronnadh mainéar Angla-Normannach ar Robert de Quincy agus phós seisin Basilia. Fuair sé bás ansin agus d'fhéadfadh Basilia Raymond, an tiarna cogaidh cáiliúil Angla-Normannach, a phósadh.



<https://pixabay.com/images/search/vikings/?page=6>

Thóg **Robert agus Walter Redmond** an teach mór caisealach a dtugtaí **Halla Redmond** air, timpeall na bliana **1350**, le linn aimsir an **Bháis Dhuibh** nó na Aicíde Móire. Agus an aicíd á h-iompar ag francaigh agus dreancaidí sna soithí trádála a bhí ag taisteal idir Éirinn, Sacsain agus an Fhrainc, tháinig an phlá go Baile Átha Cliath agus go Droichead Átha, i samhradh na bliana 1348. Agus é ag leathnú amach go go leor réigiún, scrios sé pobail iomlána. Tugadh 'The Hall' nó **Redmond Hall** ar an dara caisleán seo.

Choimeád an teaghlach Redmond an Halla go lár na 1600idí, nuair a rinneadh ionsaí arís agus arís eile air le linn Cogaí Comhdhála na hÉireann (1641 – 1653) agus urghabhadh é faoi dheireadh, mar chuid de **choigistiú Chromail**. Bhí an lámh in uachtar ag Cromail in Éirinn: bhí sráideanna Dhroichead Átha dearg le fuil, mar gur dhúnmharaigh sé gan srian éinne a connacthas beo. I dtuaispeántas iontach cosanta amháin, ar an 20^ú Iúil, 1642, d'éirigh le **Alexander Redmond**, a bhí 68 ag an am, an Halla a chosaint ó thart ar 90 ionróir, dílis do **Shéarlas I**, le cúnadh óna bheirt mhac, roinnt tionóntaí, beirt saighdiúir **agus táilliúir**. Fuair an Captaen Sacsanach Aston amach, i dtroid fhada gunnaí, go raibh a chanóin ró-bheag leis an príomhdhoras a bhriseadh síos. Chun cur leis seo, d'fhág thart ar leath dá chuid fear é, chun an tuath mháguaird a chreachadh. Cuireadh an ruaig ar roinnt ionsaithe eile, agus ina dhiaidh sin, deirtear gur cheadaigh Cromail d'Alexander Redmond fanacht sa Halla go bhfaigheadh sé bás. Mar sin, i 1651, **díshealbhaíodh a raibh den teaghlach Redmond fós beo**. Deirtear gur fear an t-sláinte ná na táinte. Is dóigh gur choimeád an chlann a sláinte gidh gur chaill siad pé táinte a bhí acu. Sa bhliain 1666, cheannaigh Henry Loftus, arbh as Yorkshire i Sacsain, ó dhúchas dó, na tailte coigistithe agus athainmníodh an teach **Loftus Hall**.

F) Aitheantais a Athrú le hAnraith a fháil

Ba le linn an Ghorta **1845-7** a chaill roinnt mhór gnáthdhaoine an chultúr náisiúnta. Toisc nach raibh a dhath ar bith le n-ithe acu (seachas fear agus neantóga) agus mar gheall ar athrú ar phatrúin úsáide talún,

díshealbhaíodh go h-éasca óna bhfeirmeacha beaga iad, go minic le bás ‘fháil ar thaoibh an bhóthair. Uaireanta, d'fhéadfaidís babhla anraith a lorg, i gCistin Anraith. Deirtear, le h-anraith a ‘fháil, go gcaithfidís ligint dena a n-ainm Gaelach, le haghaidh ainm galldaithe. Mar sin scriosadh an 'Mac' nó 'Ó' ina sloinnte gur chaill siad a nginealach culturtha dá bharr. Agus tráma orthu, thiontaigh siad ar an mBéarla a fhoghlaim agus chuaigh siad i dtuilleamaí an chultúir Shacsanaigh. Glaodh *súpair* ar na daoine a ghlac an reiligiún Protastúnach le haghaidh babhla anraith. Dá mba rud é go raibh aon duine fós ann ar a dtugtaí Réamonn, ghlac siad go léir leis an leagan Angla-Shacsanach den ainm, .i. **Redmond**, ag éirí mar sin **Angliciores Anglicis ipsis** [ní ba mhó Sacsanaighe na na Sacsanaigh féin – tógtha san áireamh nár labhraíodh Angla-Shacsanais a thuilleadh].

Nóta taifeadta ar an nGorta ag fear darbh ainm **William Redmond**, ó Uimhir 7 Lána Chionn Sáile, Mullach Íde (coimeádtar ainmneacha baiste go cuí i dteaghlaigh):

“Tharla gorta mór na hÉireann sna blianta '46, '47 - an **Dúchan** a mba chúis leis, agus scrios sé an barr prátaí sna blianta '45, '46 ... Bhí na daoine **thart ar Chionn Sáile chomh hochrach sin**, go bhfeicfeadh duine iad ag ithe féir. Tharraing siad fuil ósna eallaigh agus d’ól siad é. Mharaigh siad na hasail, a rinne seirbhís dóibh ar feadh na mblianta, ar fheirmeacha bheaga. Nuair a d’fhág na longa Mullach Íde agus Baile Dúill, agus paisinéirí ag fáil bháis ionta, **caitheadh thar bord iad**. Tugadh **Longa Cónra** ar na longa seo...

Má tá sé díolmhaithe ó phionós, is cleachtas uilechoiteann an chine daonna é, daoine soghonta a dhí-dhaonnachadh agus a mharú, chun tairbhe a fháil (cé chomh beag is a bheadh sé seo). [Ábhar le haghaidh taighde síceolaíochta.]

B’fhéidir go mbeadh Bard, do bhí ar seachrán, is ar tháinig slán ó threoir na Banríona Eilís don Tiarna Barrymore, ‘iad a mharú go léir’, in ann Réamonn Normannach a mholadh le hamhrán, ar chuairt go dtí a fheirm. Bhí an tráma ar Ghaeil, nuair thug siad a bhféiniúlacht suas, le haghaidh babhla anraith, go ró-uafásach dóibh. Go minic, ní tuigfí inniu é, nuair is fuaimneanna deasa amháin iad ainmneacha daoine.

Eii) Halla Loftus

B’e an Halla príomháit chónaithe an teaghlaigh, i 1666, nuair a chuir Henry Loftus faoi ann. I 1684, rinne sé deisiúchán leitheadach. Rinne teaghlach Loftus dul chun chinn sa tiarnas, sna céadta bliain ina dhiaidh sin. Sa bhliain 1800 cruthaíodh, mar Mharcas Ely, an chéad Iarla Ely, úinéir an Halla ag an am, a bhí ina Bharún Loftus Halla Loftus roimhe sin. B’é a hslíochtach, an 4ú Marcas, a rinne athchóiriú ar an Halla arís idir 1872 agus 1884. Choinnigh sé an struchtúr a bhí ann cheana féin, atá le feiceáil sa teach sa ló atá inniubh ann.



Gfox228 via commons.wikimedia CC BY-SA 3.0

Ba le linn an athchóirithe sin a rinneadh fionnachtain déistineach. Taobh istigh de bhallaí an tSeomra Taipéise, thángthas ar iarsmaí chreatlach naíonáin.

Stiurthóir mistéireach agus Cluiche Cártaí

Ba le Charles Tottenham Halla Loftus roimhe seo, a bhí ina Thiarna ar an Mainéar tríd an t-Onórach Anne

Loftus a phósadh. Fuair Anne bás agus phós Charles ansin a chol ceathrar, Jane Cliffe. B'é Anne an duine deiridh de sheisear leanaí a raibh chónaí ortha i Halla Loftus. Ainmníodh í as a máthair. I stoirm mhór i 1775, bhí long sáinnithe in aice láimhe. Fáiltíodh roimh an t-aon duine a tháinig slán as an long sa teach (de réir nós a bhí coitianta). D'fhan sé tamall. Oíche amháin, bhí an teaghlach ag imirt cluiche cártaí. Dhéileáil an strainséir trí chárta le gach duine acu. Ní raibh ach dhá chárta ag Anne ach chonaic sí go raibh ceann amháin tar éis titim ar an urlár.

Nuair a chrom sí síos chun an cárta a phiocadh suas, thug sí faoi dear go raibh crúb scoilte ag an bhfear. Sread sí ós ard. Ag an nóiméad sin, chuaigh an cuairteoir suas tríd an díon, ag fágáil poll mór sa tsíleáil taobh thiar de.

Chaill Áine a hintinn agus cuireadh faoi ghlas í sa Seomra Taipéise. Dúradh go mbíodh sí ag amharc ón bhfuinneóig 'achan lá, gur stop sí ní ba dhéanaí d'ithe agus d'ól agus go bhfuair sí bás dá bharr. Fuarthas iarsmaí linbh lena hais. Dúradh gurbh iarsmaí linbh a d' iompair sí don strainséir iad. Dúradh in amanna go raibh sí féin agus a tuismitheoirí cinnte gurbh é leanbh an diabhair é. Gan fhéachaint ar chuntais bhréige, b'é críoch agus deireadh na mbeart gur cosúil go raibh leanbh ag Anne leochailigh do dhuine den chosmhuintir agus ní fhéadfadh sí ball den Tiarnas a phósadh.

Deirtear go bhfuil taibhse Anne ag fánaíocht sna hallaí agus uaireanta tá a híomhá le feiceáil i ngrianghraif. Fostaíodh sagart darbh ainm an tAthair Thomas Broaders le díbirt deamhan a dhéanamh i Halla Loftus san 18^ú aois. Is féidir a chreidiúint go maith gur fhan a leithéid d'olc tamall sa teach. Dúirt roinnt daoine gur mhothaigh siad fuaimneanna agus guthanna aisteacha agus d'fhulaing daoine eile taomanna scaoill le linn dóibh a bheith ar chuairt ann. Dúnadh **Óstán Loftus Hall** ag deireadh na 1990idí. Léiríonn tuarascálacha le déanaí (27/10/22) go mbeidh sé feistithe le haghaidh gnó arís, go luath, agus go leor nithe suimiúla is díol suntais ann.



Jeremy Polanski via commons.wikimedia CC BY-SA-2.0

Cover photo: Gfox228 via commons.wikimedia CC BY-SA 3.0

Sources: wikipedia, waterfordvisitorcentre.com. irishexaminer.com, allthatsinteresting.com and ghosts.fandom.com/wiki/Loftus_Hall **Address:** Hook Head, New Ross, Co. Wexford, Ireland.

G) Teach Bhaile an Treoraigh

Nuair a tháinig rath ar mhuintir Redmond arís, bhí **William Archer Redmond (1825-1880)** ar dhuine desna céad Teachtaí Dála de chuid na hÉireann a tógadh do Bhuirg Loch Garmáin sa bhliain 1872. Phós sé Mary Hoey as Baile Uí Dhonnagáin, Co. Chill Mhantáin. Bhí cónaí orthu gar do Chuan Ros Láir, Co. Loch Garmáin. Bhí a gclann mhac, John Edward Redmond (1856-1918) agus William (Willie) Hoey Kearney Redmond (1861-1917), ina gChomhaltaí Éireannacha Parlaiminte.



Teach Bhaile an Treoraigh- Ballytrent House (*Wexford Library Services*)

Is féidir na hamanna inar chónaigh Redmonds i dTeach Bhaile an Treoin a leagan amach. I suirbhé a rinneadh sa bhliain 1656, léiríodh go raibh **Patrick Synnot** ina úinéir ar 96 acra, 24 péirse ag Baile an Treoin. Thug **Cromail** Ballytrent do Abraham Deane. B'í Sarah Hughes a iníon. Cheannaigh **Patrick Walter Redmond** Ballytrent ó Henry Hughes, rud suntasach **maidir le hathshealbhú maoiné ó ionróirí Chromail**. Ba é William Archer Redmond (MP) a dhara mac - athair **John Edward Redmond** MP (a bhí mar ionadaí ar Loch Garmáin Thuaidh agus a tháinig i gcomharbacht ar Parnell mar cheannaire ar an bPáirtí Náisiúnach).

Bhí mac John Redmond, William Hoey Kearney Redmond MP (**Willie Redmond**) ina Theachta Dála do Loch Garmáin agus d'Fhear Manach. Fuair **John H. Talbot** (an duine ab óige) Ballytrent mar oidhreacht óna dheirfiúr Matilda Seagrave. Ba mhac le Sir James Power é **William Ryan**, a cheannaigh Ballytrent ó Emily Talbot (née Considine). Garmhac le William Ryan, ab é **James Edward Power Ryan**, an t-úinéir anois.

Ar thailte an tí tá Ráth, nó tulach cré, a théann siar go dtí an aimsir réamh-Chríostaí agus, 650 slat ina imlíne, deirtear gurb é **an Ráth is mó san Eoraip é**.

Tá gaol ag muinntir Redmond i ngach áit, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, leis an Normannach cáiliúil agus is cróga ón 12^ú haois, Raymond le Gros. I mBaile an Gharraí amháin, tá go leor teaghlach desna Redmonds agus níl gaol ag a bhformhór lena chéile. Go deimhin bhí an oiread sin acu leis an gcéad ainm agus an dara hainm céanna, gur choinnigh siad an sean-chóras ainmniúcháin Ghaelaigh, go dtí le déanaí: aithneofaí duine le céad ainm a athar. Mar shampla, tá ainmneacha cosúil le Pat 'Ned' Redmond, Mary 'Jim' Redmond srl. D'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh fosta idir cuma fhisiciúil nó slí bheatha .i. 'Red Pat' Redmond (i nGaeilge, déanann dath cur síos ar ghruaig, ní ar chraiceann).

Fuair an t-ainm Redmond feidhmchláir eile ar fud na hÉireann. Do ghlac brainse desna Búrcaigh i gConnacht an t-ainm MacRedmond. Ghlac Clann Mhic Dháibhí Mhór, as tuaisceart Loch Garmáin, an t-ainm Redmond go luath sna 1600í. Ba shliocht Dhiarmad Mac Murchadh, Rí Laighean iad, a thug cuireadh dosna Normannaigh go hÉirinn ar dtús chun cuideadh leis – gur fuair sé amach nach bhfágfaidís. Dealraíonn sé gur iarracht a bhí i gceist acu an t-ainm a thógáil - lena gcuid tailte a choinneáil - trí chomhcheangal le teaghlach Angla-Éireannach den ainm sin - teaghlach ar tógadh a shealúchais uatha féin ina dhiaidh sin. Úsáid eile den ainm le feiceáil i mBaile Mhic Réamainn – Redmondstown i gContae Thiobraid Árann.

F) Comhlachas le 1916

Chuaigh cuid desna Redmonds i gcomhar leis na **Géanna Fiáine**, ón 16^ú haois go dtí an 18^ú haois, agus d'fheidhmigh siad in arm coigríche, go háirithe arm na Fraince. Bhí baint ag daoine eile den teaghlach leis an mbaincúireacht agus leis an bpolaitíocht agus tháinig siad chun chinn mar ríshliocht polaitiúil áitiúil suntasach sa 19^ú aois agus sa 20^ú aois, ag tacú leis an bPáirtí Éireannach d'Isaac Butt (a bhí a athair ina reachtaire ar pharóiste Anglacánach Shraith an Urláir) agus Charles Stuart Parnell. B'é an duine ba cháiliúla díobh seo ná **John Edward Redmond** a bhí i gceannas ar an gcóisir go dtí a bhás i **1918**.



Polaiteoir náisiúnach Éireannach, abhcóide agus MP i dTeach na dTeachtaí sa Ríocht Aontaithe ab ea **John Redmond**. Bhí aithne air mar cheannaire ar Pháirtí Pharlaiminteach mheasarta na hÉireann (IPP) ó 1900 go dtí a bhás i **1918**.

Tá baint ag mo theaghlach féin le hÉirí Amach 1916, trí Uimh 131 Bóthar Morehampton, Donnybrook, atá anois ar úinéireacht ag mo chol ceathair, **Marie Thérèse Joy**. Tógadh an teach ar talamh ar léas sa bhliain 1884 ó Chaptaen Lewis Riall, as Old Conna, Bré. I 1918, díoladh an teach le **Andrew Woods Esquire**, ar £450, áit a raibh cónaí air lena bhean chéile **Molly** agus a gclann.



Thug sí Ráiteas Finné ar a taithí san Éirí Amach do Bhiúró na Staire Míleata i **1951**. Bhí sí ina ball d'Ord Ársa na nIbeirneach agus de Chumann na mBan (eagraíocht pharaimíleata ban poblachtach). Rinneadh creach ar a teach go minic – ‘ar maidin, ag meán lae agus istoíche’ – ach níor éirigh leis an gcur isteach: bhí a faisnéiseoirí féin aici. Bhuail Reibiliúnaithe lena chéile ann, chuaigh siad i bhfolach ann - agus choinnigh sí airm d'oifigigh agus d'fhir. Bhí ceanncheathrú **Liam Ó Maoilíosa** ann, poblachtánach Éireannach agus polaiteoir de chuid Shinn Féin. Chuir a rúnaí, Úna Daly, síos air mar dhuine ‘an-ghreannmhar agus an-deisbhéalach’. Sheinn sé an veidhlín agus a dheartháir Barney an pianó.

Bhí sé gníomhach i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) agus in Óglaigh na hÉireann, agus ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca agus i gCogadh na Saoirse. Toghadh é ina Theachta Dála sa Chéad Dáil (nó Parlaimint). Níor ghlac se leis an gConradh Angla-Éireannach. Le linn an Chogaidh Chathartha, ghabh fórsaí Pro-Treaty (.i. i bhfábhar an Chonartha) é agus bhí sé ar dhuine den cheathrar fear sinsearach de chuid an IRA a chuir an Rialtas Sealadach chun báis, i ngníomh fionaoilach. Dúirt Molly nár thaitin leis

na Saorstáitairí (na saighdiúirí i bhfábhar an Chonartha) a bheith ag creach ar Uimh. 131, toisc gur tugadh bia agus dídean dóibh chomh minic sin ann, sular eascraigh scoilt pholaitiúil mar gheall ar an gConradh.

Fuair an t-Uasal Woods bás i 1930. Chuaigh a shochraid ó Shéipéal an Chroí Ró-Naofa, Domhnach Broc, go Reilig Ghlas Naíon, áit ar tháinig ‘Protastúnaigh, Baill de Chumann na gCarad (Quakers), Giúdaigh, Saorstáitairí, Poblachtánaigh agus Indiaigh’. I measc na n-íompróirí cónra bhí **Éamonn de Valera**, ceannaire i 1916 agus, go dtí 1973, Uachtarán na hÉireann.

I measc na dteachtaireachtaí iomadúla a fuarthas, bhí litir a thaispeán a cairdeas ón **tSr Agnes Morrogh-Bernard**, bean rialta le Mná Rialta na Carthanachta. Bhí sí ag obair i scoileanna, i níosáin agus i ndílleachtlan. In **1891**, bhunaigh sí clochar i mBéal Easa, Co. Mhaigh Eo, ag soláthar oideachas agus faoiseamh ón mbochtaineacht dosna boicht. Le diongbháilteacht nár sáraíodh ó shin i leith, bhunaigh sí Muilte Olla Bhéal Easa ansin. Fuair an mhonarcha moladh uilíoch de barr feabhas a cuid táirgí olla. **Gan stad, gan staonadh**, d'eagraigh an tSiúr Agnes teagasc sa déiríocht, póru éanlaith chlóis, gairneoireachta agus fiú tógáil bóithre.

Chuir Molly síos ar an Uasal Woods, a ghlac le dlí **Rialtais Dúchais**, ag creidiúint i **Redmond agus a pháirtí**, go dtí gur dhúnmharaíodh Kevin Barry go brúidiúil, fíochmhar - agus príosúnaigh pholaitiúla eile - agus an ainriantacht ar fad a rinne saighdiúirí Rí na Breataine agus a Airí ar dhaoine gan chosaint – rudaí a athraigh a mheon.

Bhí ardmheas ag an Uasal Woods ar **an gCoileánach, an tAire Airgeadais** sa Chéad Dáil i 1919. Bhí séisean ina Stiúrthóir Faisnéise don IRA Theas freisin, agus ina bhall de thoscaireacht na hÉireann le linn idirbheartaíochtaí an Chonartha Angla-Éireannaigh. Ina dhiaidh sin bhí sé ina Chathaoirleach ar an Rialtas Sealadach agus ina Cheannasaí ar an Arm Náisiúnta. Lámhachadh agus maraíodh Michael Collins i Lúnasa 1922, le linn Chogadh Cathartha na hÉireann, ábhar nár míníodh riamh ó shin.

A History of a House © 2018 Marie Thérés Joy, mtjoydb@gmail.com


https://books.google.ie/books?id=OTxTEAAAQBAJ&pg=PT106&lpg=PT106&dq=the+streets+of+drogheda+ran+red+with+blood&source=bl&ots=xEqsnCzb-D&sig=ACfU3U3_sedDI_neK5_UsdwYyYYkyJeT4g&hl=ga&sa=X&ved=2ahUKEwjPj-Xz34P7AhVwSEEAHer8AG8Q6AF6BAgJEA#v=onepage&q=the%20streets%20of%20drogheda%20ran%20red%20with%20blood&f=false
<https://www.geraldini.com/content/13/-the-gherdini-and--other--connections.html> <http://www.patrickcomerford.com/2019/03/loftus-hall-is-fine-house-without.html>

G) Addendum est: Na Iúitigh - bhí eolas ag an Urramach Bede ar a cheird

Is féidir gur fhág na Iúitigh agus na hAnglaigh an Iútlainn de bharr róshaothrú na talún – nuair a fhástar barra go leanúnach, ídíonn sin cothaitheach na hithreach. I bhfoinse ársa amháin, luadh treibh ‘Eotenas’ a bhí páirteach i gcoimhlint idir na Frisigh agus na Danair. Cuireadh síos air seo freisin i ndán sa t-Sean-Bhéarla **Beowulf**. Ceaptar gurbh Iúitigh na hEotenas seo. Scríobh **an tUrramach Bede** gur shocraigh na hAnglaigh, na Sacsanaigh, na Frisigh agus na hIúitigh sna hOileáin Bhriotanacha, tar éis don Róimh iad a fhágáil. Bhí na hIúitigh ar cheann desna trí phobail Gearmánacha ba chumhachtaí san Iarannaois Nordach, mar aon leis na Sacsanaigh agus na hAnglaigh.

Léirigh staraithe uaireanta amhras faoi chuntas Bede ar na Iúitigh. Deir sé, mar shampla, gur ón Iútlainn a tháinig na Iúitigh - nó Iutae - rud atá loighciúil de réir dealraimh, ach amháin gur áitigh saineolaithe teangan, le fada, gur tháinig an dá ainm ó fhréamhacha éagsúla. De réir mar a bailíodh fianaise seandálaíochta ámh, ba léir go raibh an ceart ag Bede. Mar sin féin, rinneadh anailís ar earraí uaigne, a bhí ann ag an am, a léirigh nasc idir East Kent, South Hampshire agus Oileán Íocht - ach ba bheag fianaise a fuarthas ar aon nasc leis an Iútlainn. Tá fianaise ann, gur ó thuaisceart na Fraince nó ón bhFrainc a tháinig na Iúitigh, a chuaigh ar imirce go Sasain. Tá sé ráite anois ag staraithe gurbh í an Iútlainn tír dúchais na nIúiteach, ach nuair a rinne na Danair ionradh ar Leithinis na hIútlainne, thart ar AD 200, ghlac

roinnt díobhtha le cultúr na Danmhairge agus b'fhéidir go ndeachaigh cuid eile ar imirce go tuaisceart na Fraince agus na Freaslainne. <https://www.britannica.com/topic/Jute-people>



Ag deireadh an 20^ú aois, mhol an staraí Barbara Yorke go raibh ríocht Iútach ar Oileán Íocht agus i Hampshire Theas (ar chuir Bede síos air mar ‘thír na nIúite’). Cuireadh ina haghaidh go ndúirt sí go raibh stair na nIúiteach caillte, d’éis dosna Sacsanaigh Thiar a dtailte a ghabháil.

Ceistíonn roinnt staraithe go fóill, ar tháinig na Iúitigh ariamh ón Iútlainn nó, fiú, ar bhunaigh siad grúpa aonchineálach san Eoraip nó go deimhin i Sasain. Deir staraithe eile go raibh na Iúitigh garghaolta leis na Franncaigh, ós rud é go raibh na ceanntair ar a dtugtar, go traidisiúnta, ceanntair 'Iúiteacha' ortha (Kent, an t-Oileán Íocht agus Hampshire Theas) ní ba ghoire do chríoch na Fraince ná chríoch na Iútlainne. Sa 5^ú agus sa 6^ú aois, bhí cultúr ar leith (cultúr na bhFrannc, i slí) i Kent Thoir.

Dúradh, b’fhéidir nach i ndáiríre píre, go ndeachaigh brainse amháin de threibh Próta-Iaránach ar a dtugtar ‘Gut’ nó ‘Got’ (fréamh Iaránach do ‘laoch’), chun na hIndia, áit ar tugadh Jats air. Agus chuaigh brainse eile ar imirce go dtí an Eoraip, áit ar tugadh Iútaigh air agus ainmneacha éagsúla eile. Máítear go sreabhann Fuil Jat i gCeiltigh, Iúitigh, Anglaigh, Sacsanaigh agus Danair.

In amannaibh, feictear scéal na n-Iúiteach i leaganacha áirithe den scéal Angla-Shacsanach i Sasain a bheith sochta. Toisc nach bhfuil mórán foinsí maille leis an inimirce ann, deireann cuid mhaith staraithe anois gur miotas é, idirdhealú idir Anglaigh agus na Sacsanaigh a dhéanamh. Deirtear gurbh é ‘Angle’ an t-ainm a d’úsáid na hAngla-Shacsanaigh ortha féin – agus ‘Saxon’ a d’úsáid na Rómhánaigh agus na Briotánaigh. Is ar éigean a chreidtear, cé go mba treibh bheag, ilchríochach iad na hAnglaigh, go raibh siad chomh láidir san ar imirce go Sasain, gur theastaigh ó gach treibh Gearmánach eile a n-ainm a úsáid. Thiontaigh teanga na nAngla-Shacsanach ar an mBéarla amháin ar aon nós. Léiríonn taifid na dteangacha ‘Anglach’ agus ‘Sacsanach’, atá ar marthain, go bhfuil siad beagnach mar a chéile agus tá gach comhartha ann gur thug na hAngla-Shacsanaigh ar fad ‘Anglaigh’ orthu féin agus ‘Angle’ ar a dteangain. Ní deir staraithe go mb’fhéidir gur tugadh an t-ainm ‘Saxon’ le fios go **mbeadh cruinniú marfach i gceist ag na hAngla-Shacsanaigh** - lena gcuid claíomh gearr (nó Seax) - le héinne a thiocthadh an treo. Thug an focal ‘Saxon’, in ainm ríochtaí, rabhadh don aineolach.

Rinneadh Rí ar Wessex de Egbert in 802: sna 820idí chuir sé tús le concas a dhéanamh ar an dtír uilig. Bhí Ríocht Kent faoi cheannas na Sacsanach Thiar - ag an Rí Egbert agus a mhac Æthelwulf - sa bhliain 825. D'ionghabh an Rí Æthelberht (mac Æthelwulf) an ríocht in 860 agus d'fhan sé faoi údarás Wessex agus ansin faoi údarás Shacsana.

Tar éis cumhacht Mercia a bhriseadh ag Cath Ellandun, sa bhliain 825, **dhírigh** Æthelberht **aird** ar fho-ríochtaí Mercia, san Oir-Dheisceart: insealbháíodh a mhac mar Rí Kent (Iútaigh), Sussex (Sacsanaigh) agus Essex (Sacsanaigh). Ansin chuaigh Ecgbert ar aghaidh go hachomair chun rialú ar Mercia (Anglaigh, Sacsanaigh agus Briotánaigh).

I dtús an 7^ú aois, bhí Kent ina ríocht cumhachtach, ach faoi dheireadh na haoise, agus don chuid eile den tréimhse Angla-Shacsanach, bhí sé ina fho-ríocht bheag, fágtha mar chúige de Wessex nó Mercia, é sin ag brath ar cé acu a bhí in uachtar ag an am. Rinneadh concas ar na Iútaigh ar Oileán Íocht, agus a asamhlaíodh iad i Wessex sna 680í.

Léirigh **The Time Team** cláir stairiúla, ar an **English Channel 4**, a craoladh ó **1994-2014**. D'fhoilsigh an **Fhoireann** ní ba mhó páipéar eolaíochta ná na ranna seandálaíochta ollscoile go léir, ag an am sin, agus thacaigh siad leis an tseandálaíocht neamhspleách. Bhí sé ní b'éasca, le moltaí ó staraithe nach raibh na Iútaigh le feiceáil go bunúsach i Sasain nó thar lear, é a mhíniú conas a d'imigh siad as radharc ar fad. D'fhéadfadh **Robin Bush** den Time Team a mhaíomh go ndearna na Sacsanaigh Thiar **glanadh éitneach ar na Iútaigh - a raibh cultúr éagsúil acu**: níl mórán logainmneacha fágtha agus níl ainmneacha pearsanta le clos. Is cinnte anois go raibh ról ní ba shuntasáí ag na Iútaigh i luathstair Sacsana Angla-Shacsanaigh ná mar a admháíodh go dtí le déanaí.

<https://www.historyfiles.co.uk/FeaturesBritain/EnglandJutes01.htm>; <https://iwhiddenheroes.org.uk/king-arwald-686ad/>; <https://qa.atomivme.com/cen-teanga-ata-a-labhairt-san-isiltir-teanga-naisiunta-ollainnis/>; <https://books.google.ie/books?id=0R9aAQAAQBAJ&pg=PA238&lpg=PA238&dq=jutes+%22exterminated%22+in+kent&source=bl&ots=H7sokKCfRD&sig=ACfU3U3R3FIGJ-h0BZUfLymfgA0JEEZ3SQ&hl=en&sa=X&ved=2ahUKewj-povBhv7uAhUHURUIHd9IC1YQ6AEwF3oECCsQAw#v=onepage&q=jutes%20%22exterminated%22%20in%20kent&f=false>; <https://www.houseofnames.com/redman-family-crest>; <http://www.utexas.edu/cola/centers/lrc/general/IE.html>; <http://www.hum.uit.no/a/svenonius/lingua/history/histgerm.html>; <http://www.thephora.net/forum/archive/index.php/t-36202.html>; http://en.wikipedia.org/wiki/Richard_Redman_%28speaker%29; <https://www.houseofnames.com/Redmayne-history?A=54323-292>; <https://www.houseofnames.com/redmayne-family-crest>; <https://www.tuatha.ie/enniscorthy-castle/>; <http://forebears.co.uk/surnames/redman#meaning> https://en.wikipedia.org/wiki/Loftus_Hall <https://www.ancient-origins.net/unexplained-phenomena/loftus-hall-most-haunted-house-ireland-has-not-revealed-all-its-dark-secrets-021750> <http://celtic2realms-medievalnews.blogspot.com/2014/11/raymond-le-gros-and-molana-abbey.html> <https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC7225208/> <https://www.libraryireland.com/Pedigrees2/redmond-1.php> <https://www.historyireland.com/raymond-le-gros-a-carew-not-a-fitzgerald/> <https://qa.qlosbe.com/qa/qa/Sasanach>